STRONGER FAMILIES FOR A FLOURISHING SOCIETY

FORÓGRA DO THOGHCHÁIN NA HEORPA 23-26 BEALTAINE 2019

Mar iarrthóir i dtoghchán parlaimint na hEorpa tiomnaím mé féin le ról bunúsach an teaghlaigh mar aonad bhunúsach an sochaí a aithint go córasach. Agus cinntí polaitiúla á dhéanamh tiomnaím mé féin go háirithe ar na modhanna seo leanas:

1. I dtreo Comhaontú breithe

Géarchéim ciúin is ea an Geimhreadh Déimeagrafach atá in ábhar imní do gach tír Eorpach. Tá Earrach Déimeagrafach de dhíth ar an Eoraip. Is iad leanaí ár bpríomh leas coiteann. Tiomnaím mé féin le feasacht faoin titim daonra san Eoraip a mhéadú, ag moladh céimeanna agus uirlisí cinnte chun na treoachtaí reatha a athrú.

2. Príomhshruthú teaghlaigh a chur chun feidhme

Cloch bonn an sochaí an teaghlach. Ní mór don Aontas Eorpach teaghlaigh Eorpacha a chuir san aireamh ina mbeartas, gan dochar don gcoimhdeacht. Tá mé tiomnaithe do chur chun cinn prionsabal an príomhshruthaithe teaghlaigh i ngach beartas earnála.

3. Guthanna Teaghlaigh a chuir chun cinn

Guthanna na dteaghlach iad na cumann teaghlaigh a thugann guth dá riachtanais agus a chuireann le rannpháirtíocht san saol poiblí. Geallaim aitheantas do ról agus rannpháirtíocht na gCumann Teaghlaigh i ndearadh agus forbairt cláir Eorpacha.

4. Geilleagar ag freastal ar an dteaghlach

Foinse seasmhachta iad teaghlaigh agus cabhraíonn siad an brú ar an sparán phoiblí a mhaolú. Táim tiomnaithe le tacú le beartais phoiblí a aithníonn dínit an teaghlaigh agus a ról bunúsach eacnamaíochta sa leas coiteann. Táim tiomnaithe do obair i dtreo cáin cóir agus i spreagadh dea-chleachtas, an Cárta Eorpach Teaghlaigh mar shampla.

5. Obair fhiúntach de réir mar atá riachtanach do gach Teaghlach

Príomhghníomhaí nádúrtha i gcur chun cinn cuimsiú sóisialta an teaghlach. Geallaim obair ar son beartas nach dtuigeann an margadh saothar i dtéarmaí geilleagair agus airgeadais amháin, ach a díríonn ar an nduine agus a chumais , ag caomhnú an dóigh seo bheith páirteach sa leas coiteann agus uirlis chun bochtanas a chosc. Dá bhrí sin tá mé tiomnaithe saothar athair agus máthair san teaghlach a aithint agus freisin luach an obair deonach i cur chun cinn comhthathú sóisialta.

FAFCE

www.voteforfamily2019.eu
www.fafce.org

© FAFCE 2019

6. Cothromaíocht idir saol teaghlaigh agus saol gairmiúil

Is ceart go mbeadh an teaghlach mar thúsphointe chun cúinsí oibre a dhearadh, chun cúinsí saoil a chuir ar fáil do theaghlaigh a chuireann am le chéile ar fáil agus dá bhrí sin ag caomhnú dinimic pobail agus ag cur le cuimsiú sóisialta. Tá mé tiomnaithe do feabhas a chur ar an gcothromaíocht idir saol teaghlaigh agus saol gairmiúil chun leasa an teaghlaigh, an Domhnach a chuir i leataobh mar lá coiteann scíth san áireamh.

7. Comhlántacht Mná agus Fir

Inneall na giniúna don sochaí ar fad an teaghlach. Aithním comhlántacht mná agus fir agus diúltaím aon iarracht difríochtaí inscne a chuir ar neamhní tríd beartas phoiblí.

8. Meas agus cur chun cinn institiúid an phósta

Cuireann nascanna neartaithe teaghlaigh le leas an duine aonair. Tá gairm ag an AE agus na ballstáit meas a léiriú ar institiúid an phósta agus dea chleachtas i seachaint cliseadh gaol teaghlaigh a chur chun cinn. Faoi phrionsabail na coimhdeachta cuirfidh mé i gcoinne aon cur isteach ar shainmhíniú dleathach an phósta ag an Aontas Eorpach.

9. Dínit na beatha óna thús go dtí a dheireadh nádúrthavIs sa teaghlach a chuirtear fáilte go nádúrtha roimh gach beatha nua. Geallaim meas a léiriú ar an mbeatha ag gach ceann dá chéimeanna, ó choimpeart go bás nadúrtha. Spreagfaidh mé beartais a thugann cúram ar leith do leanaí roimh agus i ndiadh breith dóibh, dá máithreacha agus freisin do theaghlaigh altrama agus uchtaithe.

10. Athair agus Máthair, príomh agus céad oidí a bpáistí

10. Athair agus Máthair, príomh agus céad oidí a bpáistí

Rinne teaghlaigh riamh radharc níos fad téarmaí a chothú, ag ullmhú todhchaí níos inbhuanaithe. Geallaim féachaint chuige go ndeanfaidh an Aontas, ina mbeartais agus bearta uilig óige agus oideachas, seasamh le cearta tuismitheoirí a gclanna thógáil i de réir dtraidisiún cultúrtha, morálta agus creidimh atá chun leasa dínit agus forbairt a leanaí.

© FAFCE 2019